

"Ré Nua Na Taibhdheirce"



Taibhdhearc na Gaillimhe

Tá Bainisteoir/Stiúrthóir Ealaíne nua ceaptha ag Taibhdhearc na Gaillimhe. Athosclófar doirse na hamharclainne (atá dúnta le cúpla bliain anuas de bharr dóiteáin) go luath agus tá ríméad ar an mBord Stiúrthóirí go bhfuil bainisteoir nua ceaptha acu chun an amharclann stairiúil seo a threorú isteach sa ré nua spreagúil seo.

Is as Baile Átha Luain Freda Nic Giolla Chatháin ó dhúchas ach tá cónaí uirthi i nGaillimh le tamall de bhlianta anuas. D'oibrigh sí cheana sa Taibhdhearc ina hoifigeach riaracháin agus tá naisc láidre aici, ní

hamháin leis an Taibhdhearc, ach le cuideachtaí amharclainne áitiúla eile. Bhí sí le deireanas i Cologne na Gearmáine áit a raibh sí ar ardán le Branar, Téatar do Pháistí, ina leagan den fhinscéal, Clann Lir. Chum agus sheinn Freda í féin agus ceoltóir eile atá lonnaithe i nGaillimh, Michael Chang, an ceol don léiriú amharclainne seo do pháistí.

Bhí Freda ina Bainisteoir Comhdhála ag Meitheal na mBeag le cúpla bliain anuas. Is scáthghrúpa agus áiseagraíocht é Meitheal na mBeag a fhreastalaíonn ar ealaíontóirí, oideachasóirí, comhlachtaí, ionaid ealaíon agus

institiúidí a léiríonn dílseacht do chur i láthair agus d'fhorbairt na n-ealaíon páiste lárnach trí Ghaeilge. D'oibrigh sí chomh maith le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, áit ar eagraigh sí Cuairt na bhFilí, malartú cultúrtha idir Éire agus Albain. Chaith sí tréimhse oiliúna in Ardstiúrthóireacht an Oideachais agus Cultúir sa Choimisiún Eorpach sa Bhruiséil agus d'oibrigh sí mar Oifigeach Forbartha Gaeilge le Comhairle Chontae Ros Comáin, áit a raibh cúram uirthi maidir le forbairt na n-ealaíon traidisiúnta chomh maith. Le blianta beaga anuas, d'oibrigh sí ina haistritheoir agus ina profléitheoir agus mhúin sí ar na cúrsaí iarchéime san aistriúchán in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua.

Tá Freda ag tnúth go mór leis an dúshlán nua seo: "Táim ag tnúth leis an lá nuair a athosclófar doirse na Taibhdheirce agus nuair a chuirfear beocht ar ais san amharclann. Tá an tionscadal athchóirithe seo tar éis an taobh istigh den amharclann álainn seo a bhunathrú chun feabhais, amharclann stairiúil ata lonnaithe i gcroílár chathair na Gaillimhe. Tá trealamh soilsiúcháin agus fuaime den chéad scoth curtha isteach agus tá bealaí nua isteach chun na hamharclainne do chathaoireacha rothaí.

De bharr stair cheiliúrtha na hamharclainne seo, teastaíonn uaim a chinntiú go mbeidh an Taibhdhearc ag croílár imeachtaí ealaíon na Gaillimhe, ag cur ár léirithe gairmiúla féin ar an ardán, chomh maith le ceolchoirmeacha, taispeántais agus ag soláthar ionaid do chompántais chuairte a gcuid léirithe féin a chur ar stáitse. Tá spás iontach cleachtaidh ar chéad urlár na hamharclainne, spás ina bhfuil solas nádúrtha aoibhinn agus urlár adhmaid. Bheadh an seomra seo an-oiriúnach, ní hamháin le haghaidh cleachtaí, ach mar spás taispeántais agus/nó spás corparáideach cruinnithe."

Tá fáilte curtha ag an mBord Stiúrthóirí roimh Freda ar bord, mar Bhainisteoir/Stiúrthóir Ealaíne, agus tá siad ag tnúth le cuidiú léi gach bealach is féidir leo chun a chinntiú go mbeidh an Taibhdhearc ar chuid lárnach d'fhorbairt na n-ealaíon Gaeilge ar fud na hÉireann.



Freda Nic Giolla Chatháin

Táthar ag súil go n-athosclófar an Taibhdhearc i mí Mhéan Fómhair agus beidh ócáid mhór cheiliúrtha i gceist. Tá athchóiriú á dhéanamh ar láithreán gréasáin na Taibhdheirce chomh maith agus beidh sonraí maidir le himeachtaí sa Taibhdhearc ar fáil ansin. Chun sonraí a fháil ar an athoscailte coinnígi súil ar an suíomh, sna meáin agus aimsigh Taibhdhearc na Gaillimhe ar Facebook!

Chun breis faisnéise a fháil, déan teagmháil le Freda ag 091-562024 nó freda@antaibhdhearc.com